*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 10 Bealtaine 2022 i gCás R 752/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid, a mhéid a bhaineann sé le Prolactal, a neamhniú;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 27(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún;

— Sárú ar phrionsabail an ionchais dhlisteanaigh agus na deimhneachta dlíthiúla, ar an bhforas go bhfuil cinneadh EUIPO nach gcomhlíontar ceanglais Airtegal 10(1) EUTMDR leis na hiarrataí le haghaidh cruthúnas úsáide arna gcomhdú ag Prolactal, agus go bhfuil siad do-ghlactha mar sin, ar neamhréir leis na torthaí de;

— Sárú ar Airtegal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar Airteagal 41(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

— Sárú ar phrionsabail an ionchais dhlisteanaigh agus na deimhneachta dlíthiúla mar chuaigh an dualgas cruthúnais arna forchur ag EUIPO thar raon ar fhéadfaí a mheas go mbeadh an t-iarratasóir in ann a chur ar fáil mar fhianaise ar chómhaireachtáil;

— Sárú ar chásdlí ábhartha maidir leis an dóchúlacht mhearbhaill a mhionscrúdú go ginearálta.

---

**Caingean arna tabhairt an 7 Meán Fómhair 2022 – mataharispaclub v EUIPO – Rouha (SpaClubMatahari)**

**(Cás T-552/22)**

(2022/C 408/55)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an tSeicis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* mataharispaclub s.r.o. (Mníšek pod Brdy, Poblacht na Seice) (ionadaí: M. Diamant, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Alena Rouha (Prág, Poblacht na Seice)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* An páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais “SpaClubMatahari” – Trádmharc de chuid an Aontais Uimh. 17 642 661

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí neamhbhailíochta

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gceathrú bord achomhairc de EUIPO an 30 Meitheamh 2022 i gCás R 937/2021-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú;

— A ordú do EUIPO agus don idiragraí na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 59(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 60(1)(a) agus Airteagal 60(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

**Caingean arna tabhairt an 9 Meán Fómhair 2022 – an Fhrainc v an Coimisiún**

**(Cás T-555/22)**

(2022/C 408/56)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Poblacht na Fraince (ionadaithe: T. Stehelin, A. Daniel agus E. Leclerc, Gníomhairí)

*Cosantóir*: an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Fógra comórtais oscailte EPSO/AD/400/22 dar teideal "Riarthóirí (AD 7) agus Saineolaithe (AD 9) i Réimsí an Tionscail Cosanta agus an Spáis" arna fhoilsiú an 16 Meitheamh 2022 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([1]);

— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go gcothaítear idirdhealú teangabhunaithe gan údar maith leis an bhFógra comórtais oscailte EPSO/AD/400/22 dar teideal "Riarthóirí (AD 7) agus Saineolaithe (AD 9) i Réimsí an Tionscail Cosanta agus an Spáis" ("an Fógra faoi chomórtas atá faoi chonspóid").

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceanglas seirbhísigh sibhialta ag a bhfuil na caighdeáin is airde ó thaobh inniúlachta, feidhmíochta agus ionracais de.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go seachnaítear na nósanna imeachta arna leagan síos ag na Conarthaí lena gcinntear na rialacha i dtaobh theangacha institiúidí an Aontais leis an bhFógra comórtais atá faoi chonspóid.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid faoina bhfuil an tAontas Eorpach a shaibhreas éagsúlachta cultúrtha agus teanga a urramú, agus coimirciú agus forbairt na hoidhreachta cultúrtha de thábhacht Eorpach a ráthú.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a thabhairt.

([1]) IO 2022, C 233A, lch. 1.